2025/1813

17.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1813 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2025

gan údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)6102)

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Meitheamh 2017, chuir VEOLIA WATER SOLUTIONS & TECHNOLOGIES SUPPORT ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ([2]) ar údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013. Tugadh 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family' ar an bhfine táirgí bithicídeacha sin de chineálacha táirge 6, 11, 12 agus 13, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarratas faoi chás-uimhir BC-MG032941-44 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha. Léirigh an t-iarratas freisin cás-uimhir na fine táirgí tagartha gaolmhaire 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family', fine a údaraíodh tráth níos déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2750 ón gCoimisiún ([3]), a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0031652-0000 aici.

(2) Is é CMIT/MIT (3:1) an tsubstaint ghníomhach atá san fhine táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family', ar substaint í a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 6, 11, 12 agus 13.

(3) Tar éis don Ghníomhaireacht glacadh leis an iarratas, cuireadh tús lena bhailíochtú an 24 Iúil 2017.

(4) An 22 Lúnasa 2017, an 27 Deireadh Fómhair 2017 agus an 30 Deireadh Fómhair 2017, d'iarr an Ghníomhaireacht an fhaisnéis bhreise seo a leanas ar an iarratasóir ([4]):

(a) athbhreithniú ar an Achoimre ar Shaintréithe Táirge ('AST') chun gach substaint neamhghníomhach a áireamh agus chun a raonta a ailíniú i gcomhréir leis na substaintí sin atá san fhine táirgí tagartha ghaolmhar;

(b) modhnú maidir leis an athrú ar 'Ainm an táirge bhithicídigh' a shonrú i ndoiciméad tacaíochta an iarratais;

(c) modhnú maidir leis an athrú ar 'Ainm shealbhóir an údaraithe' a shonrú i ndoiciméad tacaíochta an iarratais;

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/414/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2750 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2024 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha LANXESS CMIT/MIT biocidal product family i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2750, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2750/oj).
([4]) Teachtaireachtaí ón gClár do Tháirgí Bithicídeacha (R4BP): UBP-C-1264624-26-00/F, UBP-C-1276879-04-00/F, UBP-C-1277314-24-00/F.

(d) modhnú maidir le monaróir nua den táirge bithicídeach a shonrú i ndoiciméad tacaíochta an iarratais;

(e) modhnú maidir le baint meatachoimre ar shaintréithe táirge nó úsáide áirithe a shonrú i ndoiciméad tacaíochta an iarratais.

Sholáthair an t-iarratasóir an fhaisnéis sin an 7 Meán Fómhair 2017, an 27 Deireadh Fómhair 2017 agus an 21 Deireadh Fómhair 2017. Rinneadh an t-iarratas a bhailíochtú an 12 Nollaig 2017.

(5) Tar éis ghlacadh na tuairime ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha an 13 Meán Fómhair 2023 ([5]) maidir leis an bhfine táirgí tagartha, lena n-áirítear an dréacht AST, iarradh ar an iarratasóir leagan athbhreithnithe de AST na fine céanna táirgí bithicídeacha a bhí ailínithe le AST na fine táirgí tagartha gaolmhaire ('AST ailínithe'), mar aon le litir rochtana ar na sonraí lena dtacaítear le húdarú na fine táirgí tagartha gaolmhaire ('sonraí na fine táirgí tagartha'), a chur isteach.

(6) Sholáthair an t-iarratasóir an AST ailínithe. D'ainneoin iarrataí arís agus arís eile ón nGníomhaireacht ([6]), áfach, níor sholáthair an t-iarratasóir an litir rochtana ar shonraí na fine táirgí tagartha.

(7) In éagmais na litreach rochtana ar shonraí na fine táirgí tagartha, níl na gnéithe a cheanglaítear faoi Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 san iarratas.

(8) An 19 Iúil 2024, chuir an Ghníomhaireacht an tuairim uaithi ([7]) faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an iarratas ar údarú Aontais na fine céanna táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family'.

(9) Is é conclúid na tuairime nár cheart an fhine chéanna táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family' a údarú ós rud é go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán toisc nach bhfuil na gnéithe a cheanglaítear a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ann.

(10) Dá bhrí sin, molann an Ghníomhaireacht gan an fhine chéanna táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family' a údarú.

(11) An 2 Nollaig 2024 d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir an litir rochtana ar shonraí na fine táirgí tagartha a sholáthar ([8]). Ós rud é gur sholáthair an t-iarratasóir an litir rochtana ar na sonraí a cheanglaítear chun an tsubstaint ghníomhach a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ([9]) nó sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, reáchtáil an Coimisiún cruinniú leis an iarratasóir an 21 Feabhra 2025 chun a shoiléiriú cén doiciméad ba ghá a sholáthar agus shocraigh sé sprioc-am an 31 Márta 2025 chun an doiciméad ceart a chur isteach.

(12) An 3 Aibreán 2025 chuir an t-iarratasóir an Ghníomhaireacht ar an eolas faoin rún a bhí aige an litir rochtana ar shonraí na fine táirgí tagartha a sholáthar laistigh de chúpla lá ([10]).

(13) Ós rud é nach raibh an litir rochtana ar shonraí na fine táirgí tagartha curtha isteach fós an 14 Aibreán 2025, thug an Coimisiún deis eile don iarratasóir an doiciméad a sholáthar faoin 23 Aibreán 2025 ([11]). Níor chuir an t-iarratasóir an doiciméad a ceanglaíodh isteach ná níor thug sé aon fhreagra, áfach.

([5]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 13 Meán Fómhair 2023 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh 'LANXESS CMIT/MIT biocidal product family', https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([6]) Iarrataí an 8 Bealtaine 2024 (Teachtaireacht R4BP: UBP-C-1719869-96-00/F), an 24 Bealtaine 2024 (Teachtaireacht R4BP: UBP-C-1734865-08-00/F) agus an 1 Iúil 2024 (Teachtaireacht R4BP: UBP-C-1748247-07-00/F).

([7]) Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán an 19 Iúil 2024 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine céanna táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT', https://echa.europa.eu/opinions-on-applications-for-union-authorisation.

([8]) Teachtaireacht R4BP ón gCoimisiún: UBP-C-1783879-99-00/F.

([9]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([10]) Teachtaireacht R4BP ón Iarratasóir: UBP-C-1814340-22-00/F.

([11]) Teachtaireacht R4BP ón gCoimisiún: UBP-C-1816386-04-00/F.

(14) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht, is é sin, in éagmais na litreach rochtana ar shonraí na fine táirgí tagartha, nach gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach iomchuí údarú Aontais le haghaidh VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family' a dheonú.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní dheonaítear údarú Aontais do VEOLIA WATER SOLUTIONS & TECHNOLOGIES SUPPORT maidir leis an bhfine chéanna táirgí bithicídeacha 'VEOLIA WATER TECHNOLOGIES CMIT/MIT biocidal product family' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid.

Airteagal 2

Is chuig VEOLIA WATER SOLUTIONS & TECHNOLOGIES SUPPORT, 1 Place Montgolfier, 94410 Saint-Maurice, an Fhrainc, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún